C/2024/5878

27.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11718 – ADRILL / ADH / TUBACEX / NTS MIDDLE EAST)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5878)

1. An 18 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ADNOC Drilling Company P.J.S.C. ('ADRILL', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Alpha Dhabi Holding P.J.S.C. ('ADH', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Tubacex S.A. ('Tubacex', an Spáinn), agus

— NTS Middle East FZCO ('NTS Middle East', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), atá faoi rialú comhpháirteach ADH agus Tubacex.

Gheobhaidh ADRIL, ADH agus Tubacex rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NTS Middle East.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ADRIL gníomhach i ngníomhaíochtaí druileála ar tír agus amach ón gcósta, agus i soláthar seirbhísí coimhdeacha a bhaineann leis an ndruileáil,

— Is cuideachta infheistíochta é ADH a dhíríonn *inter alia* ar sócmhainní a bhaineann le caipiteal aeráide, réadmhaoin, cúram sláinte, tógáil, fáilteachas, agus fuinneamh,

— Tá Tubacex gníomhach i monaraíocht táirgí as ardchruach dhosmálta agus as cóimhiotail speisialta le haghaidh na hearnálacha fuinnimh agus soghluaisteachta.

3. Tá NTS Middle East gníomhach i soláthar seirbhísí meaisínithe speisialaithe don earnáil ola agus gáis (lena n-áirítear monaraíocht bheachtais, deisiú agus seirbhísí uirlisí ar cíos).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11718 – ADRILL / ADH / TUBACEX / NTS MIDDLE EAST

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË